

COMÓRTAIS RINCE

RIALACHA & COINNÍOLLACHA

TRÍ (3) RANNÓG

A) COMÓRTAS IDIR-CHEILTEACH DO GHRÚPAÍ

An Chéad Duais: Sciath & €200

An Dara Duais: €100

An Tríú Duais: €50

B) COMÓRTAS IDIR-CHEILTEACH DO RINCEOIR AONAIR

An Chéad Duais: Trófaí & €100

An Dara Duais: €75

An Tríú Duais: €50

C) RINCE NUA

An Chéad Duais: Ian O'Leary Trophy & €100

An Dara Duais: €75

An Tríú Duais: €50

TÁILLE IONTRÁLA: Grúpaí €20; Damhsóirí Aonair €5.

- Féach 'Rialacha Ginearálta na gComórtas' agus 'Rialacha Ginearálta na Féile' chomh maith leis na rialacha seo.
- Úsáid Foirm Iontrála FPC5 chun an comórtas seo a iontráil.
- Trí iontráil, ar a mhéid, a ceadaítear do gach tír. Má bhíonn níos mó ná trí iontráil do chomórtas caithfear réamh-bhabhta a réachtáil chun trí iontráil a roghnú don chraobh.
- Is gá d'iomaitheoirí a bheith os cionn 16 mbliana d'aois.
- Is gá d'iomaitheoirí a gcuid ceoil féin a chur ar fáil.
- Is gá don taibhiú maireachtáil trí (3) nóiméad ar a laghad agus gan dul thar sé (6) nóiméad.

7. Seo é an córas marcála a úsáidfeá do gach comórtas:-

- Am 20
- Iompar agus Comhar 20
- Céimeanna an Fhigúir 20
- Maisíocht Ghinearálta 20
- Stíl 20

8. Rince Nua

- a. Ba chóir go mbeadh seisear (6) ball ach gan níos mó ná fiche (20) a bheith ar fhoireann rince. Is gá don fhoireann rince nua a dhéanamh a bheidh trí (3) nóiméad ar a laghad ach nach rachaidh thar sé (6) nóiméad, le tionlacan ceoil traidisiúnta
- b. Caithfidh an rince a bheith leanúnach – gan aon bhriseadh a bheith idir na gluaiseachtaí.
- c. Moltar go mbunófaí an rince ar théama cultúir nó béaloidis ó thír dúchais na foirne.
- d. Is gá d'fhoirne ceol beo a chur ar fáil dá dtaibhiú, agus freisin, má tá an rince bunaithe ar théama, is gá don fhoireann cur síos gairid i scríbhinn a dhéanamh ar scéal an rince agus ar an rince féin.

Nóta d'fhoirne as Éirinn

Ní shásaíonn rincí céilí ó 'Ár Rincí Foirne' a d'fhoilsigh An Coimisiún le Rincí Gaelacha, ná figiúirí na rincí seite (Seit Chiarraí, Seit Co. an Chláir, mar shampla) riachtanais an chomórtais seo.

Má bhíonn níos mó ná trí iontráil as Éirinn sa chomórtas seo réachtálfar réamhchomórtas san iarnóin.